



## ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH

Tá sé tábhachtach don Aontas go laghdófaí an méid fuinnimh a úsáidtear agus an méid a chuirtear amú agus tá an tábhacht sin ag dul i méid. In 2007, leag ceannairí AE sprioc síos go ndéanfaí laghdú 20 % ar an méid fuinnimh a ídítear in aghaidh na bliana san AE faoi 2020. Breathnaítear ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh arís agus arís eile mar bhealach chun soláthar fuinnimh inbhuanaithe a bhaint amach, astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair fuinnimh agus na billí allmhairithe a laghdú, mar aon le bealach chun iomaíochas AE a chur chun cinn. Dá bhrí sin, is tosaíocht straitéiseach don Aontas Fuinnimh í éifeachtúlacht fuinnimh, agus cuireann AE an prionsabal maidir le ‘tús áite a thabhairt don éifeachtúlacht fuinnimh’ chun cinn. Tá plé á dhéanamh ar an gcreat beartais don tréimhse i ndiaidh 2030.

### BUNÚS DLÍ

Airteagal 194 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

### A BHFUIL BAINTE AMACH

#### A. Creat ginearálta

In 2006, sheol an Coimisiún a chéad ‘Phlean Gníomhaíochta maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh: An Cumas a Fhíorú’ ([COM\(2006\) 0545](#)). Bhí sé mar aidhm leis an pobal, lucht déanta beartais agus gníomhaithe margaidh a thabhairt le chéile, agus an margadh fuinnimh inmheánach a athrú ó bhonn sa chaoi go mbeadh an bonneagar (foirgnimh san áireamh) agus na táirgí (fearais agus carranna san áireamh) is éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de agus na córais fuinnimh is éifeachtúla ar domhan ag saoránaigh AE. Ba é cuspóir an Phlean Gníomhaíochta ná an t-éileamh ar fhuinneamh a rialú agus a laghdú agus gníomhaíocht spriocdhírthe a dhéanamh i leith ídithe agus soláthair chun laghdú 20 % a dhéanamh ar ídiú bliantúil an fhuinnimh phríomhúil faoin mbliain 2020 (i gcomparáid leis na réamhaisnéisí ídithe do 2020). Ina ainneoin sin, nuair a thug na meastacháin le fios nach mbainfeadh AE ach leath den chuspóir 20 % amach, thug an Coimisiún aghaidh air sin trí phríomhspricanna a dhéanamh d’ábhair a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh in Eoraip 2020, an straitéis do phoist agus don fhás cliste, inbhuanaithe, cuimsitheach, agus trí Phlean nua agus cuimsitheach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a fhorbairt in 2011 ([COM\(2011\) 0109](#)).

Tá roinnt teoracha sa chreat éifeachtúlachta fuinnimh atá ann faoi láthair, agus tá athbhreithniú orthu ar bun faoi láthair nó beartaithe. Faoi Threoir ([2012/27/AE](#)) maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, a tháinig i bhfeidhm i mí na Nollag 2012, ní mór do na



Ballstáit spriocanna táscacha maidir le héifeachtúlacht fuinnimh náisiúnta a leagan síos chun a chinntiú go mbainfidh AE a phríomhspríoc amach i ndáil leis an ídiú fuinnimh a laghdú 20 % faoi 2020. Is féidir leis na Ballstáit na hÍoscheanglais sin a dhéanamh níos déine más mian leo agus iad ag iarraidh fuinneamh a shábháil. Tugtar isteach leis an treoir freisin sraith beart chun cabhrú leis na Ballstáit an spríoc sin a bhaint amach agus leagtar síos rialacha sa treoir, atá ceangailteach ó thaobh dlí de, d'úsáideoirí deiridh agus do sholáthraithe fuinnimh. Leagadh síos caighdeán eile maidir le héifeachtúlacht fuinnimh do tháirgí agus d'fhoirgnimh sa Treoir Éicidhearthóireachta ([2009/125/EC](#)), sa Treoir maidir le Lipéadú i ndáil le hÉifeachtúlacht Fuinnimh ([2010/30/EU](#)) agus sa Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh ([2010/31/AE](#)).

In 2014, d'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht, ([COM\(2014\) 0520](#)), maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, inar chinn sé go mbeadh gá le hiarrachtaí breise ó na Ballstáit, tar éis gur léiríodh san anailís a rinne sé nach mbeadh AE in ann ach sábháil fuinnimh 18-19 % a bhaint amach faoi 2020. De réir na tuarascála ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, ([COM\(2015\) 0574](#)), a foilsíodh an 18 Samhain 2015, ní raibh na Ballstáit ach chun 17.6 % a shábháil ó thaobh fuinneamh príomhúil de faoi 2020. Mar thoradh air sin, fógraíodh i dTreorchlár an Aontais Fuinnimh ó 2015, ([COM\(2015\) 0572](#)), go ndéanfaí athbhreithniú ar na treoracha maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.

An 30 Samhain 2016, thíolaic an Coimisiún an pacáiste tograí dar teideal Fuinneamh glan do gach Eorpach, ([COM\(2016\) 0860](#)), agus é mar aidhm leis reachtaíocht fuinnimh AE a chur i gcomhréir leis na spriocanna nua aeráide agus fuinnimh do 2030 agus cur le cuspóirí 2015 an Aontais Fuinnimh, ([COM\(2015\) 0080](#)). Tá 'tús áite a thabhairt don éifeachtúlacht fuinnimh' ar cheann de phríomhphrionsabail an Aontais Fuinnimh chun soláthar fuinnimh atá slán, inbhuanaithe, iomaíoch agus ar phraghas réasúnta a chinntiú san AE. Sa treoir athbhreithnithe, tá sprioc uailmhianach 30 % maidir le héifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030 molta ag an gCoimisiún. In Eanáir 2018, rinne an Pharlaimint leasú ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir athbhreithnithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, chun an togra a dhéanamh níos uailmhianaí ar an iomlán. Tar éis na caibidlíochta leis an gComhairle, thángthas ar chomhaontú i mí na Samhna 2018, lena leagtar síos sprioc chun laghdú 32.5 % a dhéanamh ar ídiú fuinnimh faoi 2030 ar leibhéal an Aontais.

## **B. Comhghiniúint**

Rinneadh Treoir roimhe seo maidir le Comhghiniúint (2004/8/CE) a aisghairm nuair a tháinig an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh i bhfeidhm i mí na Nollag 2012. Faoin Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh ní mór do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an deis atá ann le haghaidh comhghiniúint ardéifeachtúlachta agus téamh agus fuarú ceantair ar a gcríoch, agus fógra a thabhairt faoin méid sin do na Ballstáit, agus anailís costais is tairbhe a dhéanamh bunaithe ar dhálaí aeráide, ar an bhféidearthacht eacnamaíoch agus ar an oiriúnacht theicniúil (cé is moite de roinnt eisceachtaí). Faoi chuimsiú phacáiste an Aontais Fuinnimh, sheol an Coimisiún Straitéis de chuid AE maidir le Téamh agus Fuarú ([COM\(2016\) 0051](#)) an 16 Feabhra 2016. Tá pleananna sa straitéis maidir le borradh a chur faoi éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh, feabhas a chur ar na naisc idir córais leictreachais agus córais téimh ceantair, rud a mhéadóidh go mór an úsáid a bhaintear as fuinneamh in-



athnuaite, agus a spreagfaidh athúsáid dramhtheasa agus dramhfhuachta atá ginte ag an tionscal. Tá na forálacha reachtacha don straitéis sin le fáil sa phacáiste Fuinneamh glan do gach Eorpach.

### C. Feidhmíocht fuinnimh foirgneamh

Tá roinnt forálacha i [dTreoir 2010/31/AE](#) maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh nua agus foirgneamh atá ann cheana. I bpríomhforálacha na Treorach tá ceanglais maidir leis an méid seo a leanas:

- an creat ginearálta comhchoiteann maidir le modheolaíocht chun feidhmíocht fuinnimh chomhtháite na bhfoirgneamh agus na n-aonad foirgnimh a ríomh;
- cur i bhfeidhm na n-íoscheanglas i gcás fheidhmíocht fuinnimh na bhfoirgneamh nua agus na n-aonad foirgnimh nua, lena leagfaí síos, mar shampla, gur gá go mbeadh gach foirgneamh nua beagnach neodrach ó thaobh úsáid fuinnimh de faoin 31 Nollaig 2020;
- cur i bhfeidhm na n-íoscheanglas i leith fheidhmíocht fuinnimh na bhfoirgneamh seo a leanas, go háirithe: foirgnimh atá ann cheana, codanna d'fhoirgnimh a bhfuiltear ag déanamh mór-athchóiriú orthu, agus córais theicniúla foirgnimh nuair a shuiteáiltear, a ionadaítear nó a uasghrádaítear iad;
- Deimhniú fuinnimh na bhfoirgneamh nó na n-aonad foirgnimh, cigireacht rialta ar na córais teasa agus aerchóirithe i bhfoirgnimh agus córais rialaithe neamhspleácha le haghaidh deimhnithe feidhmíochta fuinnimh agus tuarascálacha cigireachta.

An 30 Samhain 2016, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (2010/31/AE), laistigh de phacáiste níos leithne Fuinneamh Glan do gach Eorpach ([COM\(2016\) 0860](#)), le cuidiú le cuspóirí fuinnimh agus aeráide 2030 AE a chur i gcrích. De réir sonraí ón gCoimisiún, is iad foirgnimh is cúis le 40 % den tomhaltas fuinnimh agus 36 % d'astaíochtaí CO<sub>2</sub> in AE. Faoi láthair, tá thart ar 35 % d'fhoirgnimh in AE níos sine ná 50 bliain d'aois. Trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh, d'fhéadfaí laghdú 5-6 % a dhéanamh ar thomhaltas iomlán fuinnimh in AE agus laghdú thart ar 5 % a dhéanamh ar astaíochtaí CO<sub>2</sub>.

Cuireann an treoir de cheangal ar Bhallstáit straitéisí náisiúnta fadtéarmacha a shocrú chun tacú le hathchóirithe ar a bhfoirgnimh náisiúnta. Tá sé mar aidhm ag an treoir stoc foirgneamh atá an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus dícharbónaithe a chinntiú i ngach Ballstát chun cuidiú ar bhealach cost-éifeachtúil le spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh san Eoraip a bhaint amach — amhail laghdú 80-95 % a dhéanamh ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> in AE i gcomparáid le 1990.

Sa bhreis air sin, tíolacadh an tionscnamh 'Maoiniú Cliste d'Fhoirgnimh Chliste' ([COM\(2016\) 0860 — Iarscríbhinn I](#)) ag an am céanna. Déantar anailís ann ar an gcaoi ar féidir infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a spreagadh maidir le héifeachtúlacht foirgneamh agus tá sé mar aidhm leis comhartha muiníne a chur chuig an margadh agus infheisteoirí a spreagadh le tabhairt faoi éifeachtúlacht fuinnimh.



## D. Éifeachtúlacht fuinnimh táirgí

Maidir le héifeachtúlacht fuinnimh táirgí, tugadh roinnt beart isteach ar leibhéal AE, lena n-áirítear, *inter alia*, bearta maidir leis an méid seo a leanas:

- léiriú ar an méid fuinnimh agus acmhainní eile a ídíonn ‘táirgí a bhaineann le fuinneamh’ a mbíonn tionchar suntasach díreach nó indíreach acu ar ídiú fuinnimh, trí lipéadú agus faisnéis chaighdeánach faoi tháirgí, i gcomhréir le [Treoir Réime 2010/30/AE](#). Leagtar amach ceanglais d’fhearais tí éagsúla i dtreoracha agus rialacháin ar leith. Tá lipéadú trealaimh oifige agus lipéadú bonn cumhdaithe i rialacháin eile;
- ceanglais éicidhearthóireachta maidir le táirgí a úsáideann fuinneamh i gcomhréir le [Treoir Réime 2009/125/CE](#), lena n-athmhúnlaítear Treoir 2005/32/CE a leasaíodh le Treoir 2008/28/CE. Cumhdaítear réimse leathan táirgí sna rialacháin cur chun feidhme, ina measc téitheoirí, folúsghlantóirí, ríomhairí, aerchóiritheoirí, miasniteoirí, táirgí soilsithe, cuisneoirí agus reoiteoirí, teilifíseáin agus mótair leictreacha.

Mar chuid de straitéis an Aontais Fuinnimh ([COM\(2015\) 0080](#)) a fógraíodh i mí Feabhra 2015, mhol an Coimisiún go ndéanfaí athbhreithniú ar na treoracha thuasluaite maidir le héifeachtúlacht fuinnimh táirgí. I [Rialachán 2017/1369](#), a foilsíodh i mí Iúil 2017, leagtar amach creat nua maidir le lipéadú éifeachtúlachta fuinnimh chun spriocdhátaí a leagan síos chun scála A go G a chur in ionad na n-aicmí atá ann faoi láthair, A+, A++ agus A+++.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá iarrtha ag an bParlaimint arís agus arís eile go leagfaí síos spriocanna níos uailmhianaí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus go mbeadh rialacháin níos déine ann. Sa rún ón bParlaimint an 15 Nollaig 2010 maidir le hathbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Fuinnimh ([P7\\_TA\(2010\)0485](#)), chuir an Parlaimint in iúl gur cheart sprioc cheangailteach 20% ar a laghad faoin mbliain 2020 a ghlacadh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.

In 2012, bhí ról lárnach ag an bParlaimint sa chaibidlíocht a rinneadh faoin Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh ([COD/2011/0172](#)) agus chinntigh sí gur coinníodh na ceanglais maidir le straitéisí athchóirithe foirgneamh náisiúnta agus iniúchóireachtaí fuinnimh éigeantacha do chuideachtaí móra sa chomhaontú deiridh a rinneadh leis an gComhairle. D’éirigh léi freisin leasú a choinneáil ina n-éilítear sásraí maidir le freagairt ar éileamh, le gur féidir le tomhaltóirí fuinnimh a gcuid úsáide fuinnimh a chur in oiriúint do na dálaí soláthair agus a gcuid billí fuinnimh a laghdú dá bharr.

In 2013, ghlac an Parlaimint rún maidir le cur chun feidhme agus tionchar na mbeart éifeachtúlachta fuinnimh faoin mBeartas Comhtháthaithe ([P7\\_TA\(2013\)0345](#)), agus í ag cur fáilte roimh na deiseanna nua a thagann ó Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, go háirithe in earnáil na tógála. D’iarr an Parlaimint go ndéanfaí bearta chun feacht a ardú agus go scaipfí faisnéis, agus leag sí béim ar an ngá atá le fothú acmhainní agus cúnaimh teicniúil sa réimse sin.



Le déanaí, tá achainí déanta ag an bParlaimint arís agus arís eile ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit — sna rúin uaithi maidir le creat 2030 i gcomhair beartais aeráide agus fuinnimh ([P7\\_TA\(2014\)0094](#)) Comhdháil 2014 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide — COP 20<sup>[1]</sup> i Líoma, Peiriú ([P8\\_TA\(2014\)0063](#)) agus i dtreo comhaontú idirnáisiúnta nua um an aeráid i bPáras ([P8\\_TA\(2015\)0359](#)) — go leagfaí síos sprioc cheangailteach chun laghdú 40% a dhéanamh ar ídiú fuinnimh agus astaíochtaí gáis cheaptha teasa, i dteannta spriocanna náisiúnta aonair. Cuirtear in iúl sna trí rún sin ar fad go mbeadh poist agus sábháil ann dá bharr dá leagfaí síos sprioc uailmhianach maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, agus anuas air sin, chuirfí leis an iomaíochas eacnamaíoch, chuirfí borradh faoin nuálaíocht, laghdófaí an spleáchas ar allmhairí fuinnimh agus chuirfí leis an tslándáil fuinnimh. Tar éis gur ghlac an Chomhairle Eorpach sprioc 27 % an 23 Deireadh Fómhair 2014, tá an Pharlaimint dírithe ar sprioc uailmhianach a leagan síos maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. An 17 Eanáir 2018, thacaigh sí le laghdú 40 % ar ídiú fuinnimh AE faoin mbliain 2030<sup>[2]</sup>. An 23 Meitheamh 2016, ghlac an Pharlaimint rún maidir leis an tuarascáil cur chun feidhme ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh ([P8\\_TA\(2016\)0293](#)) agus ba é conclúid na Parlaiminte nár cuireadh an treoir a bhí ann cheana chun feidhme mar ba cheart, d'ainneoin foráil a bheith déanta maidir le creat chun an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú. D'iarr sí ar na Ballstáit í a chur chun feidhme go tapa agus ina hiomláine. Sa bhreis air sin, d'áitigh sí go gcuirfeadh beartas dáiríre maidir le héifeachtúlacht fuinnimh ar chumas AE a chuid spriocanna fuinnimh agus aeráide a bhaint amach i gcomhréir le Comhaontú Pháras 2016 ag COP 21, agus go gcabhródh sé leis feabhas a chur ar an tslándáil fuinnimh tríd an spleáchas ar fhoinsí fuinnimh seachtracha a laghdú.

I mí na Samhna 2016, thíolaic an Coimisiún togra chun Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a leasú. Ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle an Treoir leasaithe maidir le éifeachtúlacht fuinnimh ina dhiaidh sin i mí na Nollag 2018.

An 13 Meán Fómhair 2016, ghlac an Pharlaimint rún maidir le Straitéis de chuid AE maidir le Téamh agus Fuarú ([P8\\_TA\(2016\)0334](#)), inar iarradh ar an gCoimisiún a chuid gníomhaíochta a dhíriú ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh, go háirithe i dteaghlacha atá buailte ag an tearcrochtain fuinnimh.

An 6 Feabhra 2018, ghlac an Pharlaimint sraith moltaí neamhrechtacha a dhréachtaigh an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE). Tacaíonn an Pharlaimint le scéimeanna oideachais chun cabhrú le saoránaigh na hEorpa a fháil amach faoin gcaoi ar féidir leo níos mó fuinnimh a chaomhnú. Ina theannta sin, tá an Pharlaimint i bhfabhar méadú 50 % ar a laghad ar an maoiniú do thionscadail fuinnimh astaíochtaí ísle<sup>[3]</sup>.

Frédéric Gouardères / Francesca Beltrame  
04/2019

[1] Tagraíonn COP 20 do 20ú Comhdháil na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) chun athrú aeráide a chomhrac ([2.5.2](#) — Athrú aeráide agus an comhshaol)

[2] <http://www.europarl.europa.eu/news/en/press-room/20180112IPR91629/meps-set-ambitious-targets-for-cleaner-more-efficient-energy-use>

[3] <http://www.europarl.europa.eu/news/en/press-room/20180202IPR97028/clean-energy-innovation-needs-a-change-of-mind-set>

